

Coláiste Feirste



10/8/20

A thuismitheoir/a chaomhnóir,

Pilleadh ar scoil

Scríobh mé chugat ag tús an tsamhraidh faoinár bplean do philleadh céimnithe na ndaltaí ar scoil. Bhí an plean seo ann chun cinntiú gur chloígh muid leis na treoirlínte faoin fhadú sóisialta agus chun aon riosca ar shláinte ár ndaoine óga, a dteaghlach agus ár mbaill foirne a bhainistiú go críonna. Tá na treoirlínte seo ag athrú faoi láthair. Dar linne áfach gur choir duinn leanstan den chur chuige cúramach go fóill faoin philleadh ar scoil agus beidh muid ag tabhairt leathchuid de na daltaí i ngach blianghrúpa isteach lá amháin agus an leathchuid eile an lá dar gcionn. Dá bharr seo, tá na socruithe seo a leanas amhlaidh go fóill:

Dé hAoine 21 Lúnasa Cruinnithe roghanna do Bhliain 13 nua

Seachtain dar tús 24 Lúnasa Pilleadh céimnithe Bhliain 12 agus 14

Seachtain dar tús 31 Lúnasa Ionduchtúchán céimnithe do Bhlianta 8 - 11

Is mian linn go mbeidh na daltaí uilig ar ais ar scoil chomh luath agus is féidir, ó 7 Meán Fómhair b'fhéidir. Chaith muid a lán ama le linn an tsamhraidh ag pleanáil do philleadh sábhailte na ndaltaí, bunaithe ar threoirlínte "Atoiseacht Oideachais" de chuid Roinn an Oideachais agus ar an chomhairle reatha faoin tsláinte phoiblí. Tá na treoirlínte seo ag athrú anois agus beidh muid ag múnlú ár bplean dá réir. Ach ní ghlacfaidh muid riosca ar bith le sláinte ár ndaltaí agus a dteaghlach.

Cuirfidh muid in iúl duit na hamanna áirithe a mbeidh do pháiste istigh ar scoil faoi dheireadh na seachtaine seo. Gabhaim buíochas as d'fhoighid.

Return to school

I wrote to you at the start of the summer to inform you of our plan for a phased return to school for our pupils. This was to ensure that we complied with social distancing guidelines and carefully managed any risks to the health of your young people, their families and our staff. These guidelines are now changing. However, we believe that it is prudent to continue with our cautious approach to the return to school, with half of pupils in a year group attending on one day and the other half on the next day. Consequently, the following arrangements continue to be the case:

Friday 21st August Year 13 Choices meetings

Week beginning 24th August : Phased return for Year 12 and Year 14

Week beginning 31st August : Year 8 – 11 phased inductions

We want all pupils back in school as soon as possible, perhaps from 7th September. We have spent a considerable amount of time throughout the summer, planning for the safe return to school for all our pupils and staff, based on the 'Education Restart' guidelines from DE and on current public health advice. These guidelines are now changing and we will adapt our plans accordingly. However, we will not take undue risks with the health of pupils and their families.

We hope, by the end of this week, to send out details of the specific times for your child to return to school. I thank you for your patience.

Le gach dea-rún,

M. Mac Giolla Ghunna

Micheál Mac Giolla Ghunna
Príomhoide